Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

# Ciste um Chothú Óige Ildánach
# Doiciméad Faisnéise d'iarratasóirí

## 1. Cúlra

Plean Óige Ildánach 2023-2027:

> *"Éire ina **bhfuil an chruthaitheacht i gcroílár shaol na leanaí agus na ndaoine óga**, áit inar féidir leis an gcruthaitheacht cur go mór lena **sonas, lena bhfolláine agus lena bhforbairt phearsanta** agus, mar aitheantas ar a gceart atá acu go mbeadh a n**guth le cloisteáil agus cinntí á ndéanamh**, cloisfear na leanaí agus na daoine óga agus cuirfidh siad bonn eolais faoi gach gné den obair seo."*

In 2017, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an chéad Phlean Óige Ildánach. Sna chéad chúig bliana chuir sé leis an raon deiseanna a bhí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga.

I mí an Mhárta 2023, sheol an tAire  Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an tAire Oideachais, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an Plean nua *don Óige Ildánach  2023-2027* i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon.

Tá sé mar aidhm ag *Plean Óige Ildánach 2023-2027* leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh an chruthaitheacht ina cuid lárnach de shaol na leanaí agus na ndaoine óga.  Chun a gcruthaitheacht a fhorbairt, spreagtar comhpháirtíocht idir daoine fásta a bhíonn ag obair in earnáil an oideachais, san earnáil luathbhlianta agus cúram do leanaí in aois scoile, leis an óige, sa phobal agus sna seirbhísí tacaíochta ábhartha.

Faoi Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, tá sé de cheart ag leanaí *"páirt iomlán a ghlacadh sa saol cultúrtha agus ealaíne agus spreagfaidh na páirtithe  soláthar deiseanna cuí agus comhionannas deiseanna ó thaobh gníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíne, áineasa agus fóillíochta a chur ar fáil*". Tá an Plean nua don Óige Ildánach dírithe go háirithe ar na daoine óga is lú a mbíonn rochtain acu ar dheiseanna cruthaitheachta.

## 2. Fócas an chiste

Is ar bhonn píolótach atá *An Ciste um Chothú Óige Ildánach* á reáchtáil chun cabhrú le daoine óga a bheith páirteach in imeachtaí cultúrtha, ealaíonta agus cruthaitheachta faoi stiúir an aosa óig. Tá sé ann chun tacú le daoine aonair agus le heagraíochtaí a d'fhéadfadh teacht ar chohóirt ar leith de dhaoine óga nach gcloistear rómhinic, agus an cumhacht a thabhairt dóibh tionscadail nuálacha a fhorbairt a bheadh in ann a bpaisean cruthaitheach a chothú agus a n-acmhainneacht chruthaitheach a spreagadh.

Beidh an mheastóireacht ina gné thábhachtach den tionscnamh toisc go gcabhróidh sí linn réimsí féideartha a aithint a bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu amach anseo. I mbeagán focal, ba mhaith linn a fháil amach, in éineacht leis na comhpháirtithe maoinithe, cén bealach is fearr le teacht ar na daoine óga seo. De réir na bprionsabal ar a bhfuil an cleachtas 'guth an linbh' bunaithe, breathnófar ar an gcaoi a bhféadfadh leanaí agus daoine óga a bheith ar an stiúir nuair a bhíonn tionscadail á ndearadh.

Beifear ag súil go n-oibreoidh na hiarratasóirí le daoine óga idir 6-24 bliana d'aois, agus cur chuige faoi stiúir an aosa óig á chur i bhfeidhm, mar shampla tríd an  gCreat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht a chur i bhfeidhm (Aguisín 1), chun cur ar a gcumas tionscadail chruthaitheacha a aithint, a fhorbairt agus páirt a ghlacadh iontu. Tá sé ríthábhachtach dúinn go mbeadh daoine óga chomh gníomhach agus is féidir agus na tionscadail á ndearadh.

Tá suim ag an scéim píolótú agus doiciméadú a dhéanamh ar chur chuige do ghrúpaí sonracha leanaí agus daoine óga a thugann deis don duine aonair agus do ghrúpa iad féin a léiriú trí mheán na n-ealaíon. Tá na 'Cohóirt Chothaithe' seo san áireamh faoin téarma 'nach gcloistear go minic' sa *Phlean Óige Ildánach 2023-2027* (Aguisín 2) agus i ndáil leis an scéim seo, is iad sin:

1. Daoine atá ag maireachtáil faoi mhíchumas fisiciúil nó intleachta;
2. Dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn;
3. Daoine atá ag maireachtáil le deacrachtaí meabhairshláinte;
4. LGBTI+;
5. An Lucht Siúil agus na Romaigh;
6. Iad siúd laistigh den chóras cúraim nó atá ag aistriú ón gcóras sin; nó
7. Daoine atá ag plé le córas ceartais an aosa óig/ le daoine atá sa phríosún nó le hiarchiontóirí.

Beifear ag súil go nglacfaidh na hiarratasóirí a n-éireoidh leo páirt i meastóireacht agus i bhfoghlaim roinnte. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná measúnú córasach agus oibiachtúil i bhfoirm tuarascála i scríbhinn, ina mbeidh léargas tugtha ar rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga, ionas gur féidir tionchar, deiseanna foghlama agus inbhuanaitheacht an tionscadail a mheas.

Cuirtear fáilte roimh go leor cineálacha cruthaitheachta, agus tá cuid acu liostaithe thíos:

**SORCAS, SCANNÁNAÍOCHT, LITRÍOCHT, SCRÍBHNEOIREACHT CHRUTHAITHEACH, CEOL AGUS DAMHSA DE GACH CINEÁL, EALAÍONA AGUS SEÓNNA SRÁIDE, AMHARCLANNAÍOCHT, NA HEALAÍONA TRAIDISIÚNTA, AMHARC-EALAÍONA, CULTÚR AGUS OIDHREACHT, CÓCAIREACHT, BEOCHAN, AILTIREACHT, PODCHRAOLADH, GRAIFÍTÍ, RÉALTACHT BHREISITHE AGUS FHÍORÚIL, FAISEAN, GREANN, DEARADH AGUS TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH CHRUTHAITHEACH EILE AGUS NA HEALAÍONA ILDISCIPLÍNEACHA**

## 3. Maoiniú

Tá €500,000 ar fáil thar thréimhse dhá bhliain chun tacú le tionscadail. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú á dhéanamh, ar feadh 18-24 mí, ar idir 8 agus 10 dtionscadal píolótach i bPoblacht na hÉireann agus buiséid idir €50,000 agus €90,000 acu. Braitheann sé seo, áfach ar líon agus ar scála na n-iarratas a fhaightear.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le go mbeifí ag foghlaim ó na scéimeanna píolótacha, aithnímid go mbeidh costas ag baint leis an meastóireacht agus leis an tuairisciú ar na tionscadail.

Agus tionscadail á roghnú cuirfear ionadaíocht leathan san áireamh, mar a bhaineann le grúpaí agus ionaid a dtabharfar tosaíocht dóibh.

## 4. Incháilitheacht

Ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir in ann an méid seo a leanas a léiriú:

- tiomantas ó thaobh cabhrú le leanaí agus le daoine óga rochtain a fháil ar an gcultúr, ar an gcruthaitheacht agus ar na healaíona. (féach an sainmhíniú leathan thuas)
- an chaoi a mbeifear in ann teacht ar leanaí agus ar dhaoine óga a mbíonn constaicí ina mbealach agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar dheiseanna cruthaitheacha agus tacú leo, go háirithe iad siúd atá laistigh de cheann de na grúpaí tosaíochta a liostaítear thíos;

- an bealach a gcinnteofar go mbeidh na leanaí agus na daoine óga i gcroílár na cinnteoireachta agus an tionscnamh cruthaitheach á fhorbairt agus úsáid á baint as na dea-chleachtais atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht
- an chaoi a thacófar le rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga i ngach gné den chruthaitheacht; agus
- an bealach a dhéanfar measúnú agus tuairisciú ar an bpróiseas agus ar na torthaí, agus ionchur ann ag na leanaí agus ó na daoine óga a bheidh páirteach.

Táimid ag lorg iarratais chomhoibríocha uathu seo (gan a bheith teoranta dóibh):

- Eagraíochtaí don óige
- Carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúis
- Comhlachtaí agus fondúireachtaí daonchairdis agus taighde
- Daoine Aonair
- Grúpaí agus líonraí pobail
- Eagraíochtaí nó institiúidí ealaíon agus cultúrtha
- Eagraíochtaí cruthaitheacha, líonraí, músaeim, gailearaithe agus ionaid ealaíne
- Ionaid agus forais oideachais
- Fiontair shóisialta
- Údaráis áitiúla ag feidhmiú mar chomhpháirtithe d'eagraíochtaí seachtracha
- Cuideachtaí gnó agus tráchtála

Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le healaíontóirí agus eagraíochtaí/institiúidí cruthaitheacha oibriú i gcomhpháirt le heagraíocht eile a bhíonn ag obair go díreach leis na grúpaí de dhaoine óga a bhfuilimid ag iarraidh teacht orthu. Ba cheart go mbeadh iarratasóirí in ann cuntas teiste a thabhairt a léiríonn go bhfuil taithí acu ar thionscnaimh atá dírithe ar an óige agus/nó atá faoi stiúir na hóige a sheachadadh. Beidh fáilte roimh thacaíocht ó chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Óige Ildánaigh Áitiúil, Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta na nÚdarás Áitiúil, An Oifig Ealaíon agus/nó eagraíochtaí náisiúnta nó eagraíochtaí réigiúnacha a bhíonn ag obair le daoine óga.

### Príomhiarratasóir (más cuibhreannas é)

Teastaíonn Príomhiarratasóir a dhéanfaidh iarratas thar ceann na gcomhpháirtithe ar fad agus a bheidh ina phríomhtheagmhálaí don fhoireann le linn an tionscadail. I d'iarratas, ba cheart duit a chur in iúl go soiléir cé hiad na comhpháirtithe ar fad, an ról atá acu sa tionscadal, agus na socruithe rialachais atá acu leis an bpríomhiarratasóir.

Ní chuirfear san áireamh ach aighneacht amháin i gcás gach phríomhiarratasóra.

Caithfidh an príomhiarratasóir a bheith lonnaithe in Éirinn nó a bheith ag oibriú den chuid is mó laistigh d'Éirinn. Cuirfear fáilte roimh chomhoibriú le comhpháirtithe ó Thuaisceart Éireann agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí atá lonnaithe taobh amuigh d'Éirinn.

Spreagann an scéim seo tograí comhoibríocha ó chomhpháirtíochtaí idirdhisciplíneacha agus ó fhoirne tionscadail a thugann lán-tacaíocht do dhaoine óga, ionas go mbeidh ról lárnach acu sa phróiseas. Deis atá anseo leis na teorainneacha a shárú agus an chruthaitheacht, na smaointe úra agus na dearcthaí atá ag leanaí agus ag daoine óga, an taithí atá ag ár ngairmithe cruthaitheacha agus an saineolas atá acu siúd atá ag obair i rannpháirtíocht na hóige, obair óige, míchumas, cuimsiú, oideachas, taighde, meabhairshláinte, riachtanais speisialta, cuimsiú, agus sa rannpháirtíocht phoiblí agus phobail, a thabhairt le chéile.

## 5. Maoiniú agus Buiséid

Agus do bhuiséad á chruthú agat, déan cinnte go mbíonn táillí aonair agus buiséid an tionscadail pléite mar fhoireann. Táimid ag súil go mbeidh an buiséad aontaithe agat le gach ball d'fhoireann an tionscadail sula síneofar an conradh le hÉire Ildánach. Molaimid machnamh a dhéanamh ar na gnéithe seo:

Bainistíocht ar an Tionscadal - Ba cheart go gclúdódh an táille sin am na foirne riaracháin (mar shampla le bainistíocht ar an tionscadal agus/nó riarachán airgeadais a chumhdach), chomh maith le haon rannchuidiú i leith forchostais nó aon chostais réasúnta eile a bheadh riachtanach chun bheith páirteach.

Luach Saothair - Tá buiséad trédhearcach agus iomaíoch á lorg againn a thugann luach saothair cuí as a gcuid ama do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Ba cheart go mbeadh na táillí d'ealaíontóirí ag teacht leis na treoirlínte a bhfuil glacadh ag an tionscal leo (féach an t-eolas ón gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht d'ealaíontóirí)

Ábhar - Tá suim againn tacú le réitigh ísealcharbóin agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol mar a bhaineann le pleanáil agus seachadadh tionscadail, chomh maith leis na comhpháirtithe agus na soláthraithe atá roghnaithe agat.

D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith i gceist le costais eile:

- Costais a bhainfeadh le comhordaitheoir scéime, a mbeadh taithí aige ar rannpháirtíocht na hóige, a cheapadh
- Costais a bhainfeadh le grúpa éagsúil de dhaoine óga a thabhairt le chéile chun cur i bhfeidhm na scéime a dhearadh agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear costais rochtana
- Costais a bhainfeadh le cáipéisíocht
- Tionscnaimh ar bronnadh maoiniú orthu trí do scéim a líonrú / a chur i láthair
- Costais mheastóireachta

**Cúnamh Stáit**

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh feidhm a bheith ag rialacha an Aontais maidir le maoiniú. Ní mór d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh don Fhorbhreathnú ar Chúnamh Stáit atá sábháilte anseo.

Tá tuilleadh eolais faoi Chúnamh Stáit le fáil anseo:

https://enterprise.gov.ie/en/What-We-Do/EU-Internal-Market/EU-State-Aid-Rules/

### Cómhaoiniú

Cuirimid fáilte roimh thionscadail chómhaoinithe – trí chistí poiblí eile, trí dhaonchairdeas nó trí shíntiús ón earnáil phríobháideach. Má tá tú ag fanacht ar mhaoiniú ó fhoinse eile, tabhair breac-chuntas air seo i d'iarratas agus cuir san áireamh an t-am a bhfuil tú ag súil go gcuirfear an toradh in iúl duit, toisc go bhféadfadh sé seo tionchar a imirt ar amlíne do thionscadail agus ar an mbuiséad a bheidh i gceist.

### Costais neamh-incháilithe

Tabhair do d'aire go n-áirítear le caiteachas neamh-incháilithe:

- Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal
- Costais chúlghabhálacha i.e. caiteachas a tharla roimh an dáta ar ceadaíodh an tionscadal
- Iarratais chaipitil i leith feabhsúcháin tógála a dhéanamh ar spásanna oibre agus ar ionaid
- Iarratais a bhaineann le sraith Teilifíse nó le feachtas fógraíochta neamhspleách

## 6. Measúnú

Déanfaidh painéal measúnaithe athbhreithniú ar na hiarratais a bheidh ar an ngearrliosta. Beidh ionadaithe ó Chlár Éire Ildánach ar an bpainéal agus beidh ionadaíocht ag daoine óga freisin.

| **Critéar** | **Marcanna ar Fáil** |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Cur chuige ó thaobh rannpháirtíocht láidir na leanaí agus na ndaoine óga i bhforbairt agus i seachadadh an tionscadail, a éascú | 25 |
| Taithí ar bheith ag obair go héifeachtach le leanaí agus le daoine óga nach gcloistear go minic | 25 |
| An smaoineamh taobh thiar den tionscadal agus an cur chuige cruthaitheach | 20 |
| Cuntas teiste agus an taithí atá ag foireann an tionscadail, ar bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga ar thionscadal cruthaitheach agus ar a indéantacht | 15 |
| Plean meastóireachta | 15 |
| **Iomlán na marcanna atá ar fáil** | **100** |

## 7. Amscálaí

**24 Aibreán – Osclóidh an Ciste le haghaidh Iarratas.** Osclófar an tairseach iarratais ar líne le haghaidh iarratas. Molaimid go láidir duit leagan *word* den fhoirm iarratais agus den doiciméad eolais a íoslódáil agus iad seo a bheith léite agat roimh an seisiún faisnéise ar líne.
**9 Bealtaine ag 3pm - Seisiún Faisnéise ar Líne.** Seimineár gréasáin ar líne a thabharfaidh forléargas ar an gciste chomh maith le seisiún ceisteanna agus freagraí. Cláraigh anseo.
**9 Meitheamh - Dáta deiridh.** Ba chóir tograí a chur isteach trí submit.com faoi 5pm.
**Déanfaimid ár ndícheall na hiarratasóirí ar fad ar éirigh leo agus iad siúd nár éirigh leo a chur ar an eolas faoi mhí Iúil 2023.**

Má tá aon cheist agat maidir leis an gCiste um Chothú Óige Ildánach nó faoin bpróiseas iarratais, seol ríomhphost le do thoil chuig creativeireland@tcagsm.gov.ie agus úsáid á baint agat as an gceannteideal ábhair **'Ciste Cothaithe don Aos Óg Ildánach'**.

## Aguisín 1
## An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht

Cabhraíonn an Creat Rannpháirtíochta le ranna rialtais, chomh maith le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí stáit, feabhas a chur ar a gcleachtas mar a bhaineann le héisteacht le leanaí agus le daoine óga agus guth a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht. Faigheann sé tacaíocht ó:

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989).
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2006).
- An Straitéis Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht.

Tá an Creat bunaithe ar an tsamhail um chearta leanaí i leith na rannpháirtíochta a d'fhorbair an tOllamh Laura Lundy, Ollscoil na Ríona[1], samhail a thugann treoir do chinnteoirí maidir leis na céimeanna ba chóir a ghlacadh chun go mbeadh guth fiúntach tugtha do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht.

Ciallaíonn rannpháirtíocht le cuspóir go n-éistear le tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga a bhíonn páirteach sa chinnteoireacht agus go dtugtar aird orthu ar mhaithe le go dtiocfadh toradh nó athrú dá bharr. Ceann de phríomhphrionsabail Phlean Óige Ildánach 2023-2027 is ea go gcaithfidh leanaí agus ag daoine óga tionchar a imirt go mbeidh guth acu sa chinnteoireacht agus i gcur i bhfeidm na gcinntí. Agus é ina thionscnamh atá faoi Threoir an Aosa Óig, ba cheart go mbeadh na daoine óga i gceannas, a oiread agus is féidir, agus tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gCiste um Chothú Óige Ildánach á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm.

Is é Mol na nÓg, a bhunaigh an Roinn Leanaí, Comhionannas, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, An tIonad Náisiúnta Barr Feabhais agus Comhordaithe maidir le guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht, agus cabhrú le Ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí Stáit agus le heagraíochtaí neamh-rialtais atá dírithe go príomha orthu siúd nach gcloistear uathu go minic. Cuireann sé oiliúint, cóitseáil, forbairt, comhairle agus tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí ionas go mbeidh siad níos fearr ag éisteacht le guthanna na leanaí agus na ndaoine óga agus ag gníomhú dá réir.

[1] https://hubnanog.ie/wp-content/uploads/2021/04/5611-Hub_na_nOg-LundyModel.pdf

## Aguisín 2
## Cothromas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá sé mar aidhm ag Plean Óige Ildánach 2023-2027 a fhís a bhaint amach trína chinntiú go gcuirtear deiseanna níos fearr ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga le cur ar a gcumas a bheith ag plé le gníomhaíochtaí cruthaitheacha ar bhealach a chuidíonn le feabhas a chur ar an gcothromas rochtana. Agus é ag tógáil ar an dea-obair a bhí déanta sa réimse seo ag Óige Ildánach cheana féin, gealltar sa Phlean go dtabharfar tús áite do leanaí agus do dhaoine óga nach gcloistear go minic agus nach mbíonn mórán teagmháil acu leis an gcruthaitheacht, leis an gcultúr ná leis na healaíona faoi. Déanfar é seo trí bhearta sonracha cothromais, éagsúlachta agus cuimsithe a chur i bhfeidhm.

**Plean Óige Ildánach 2023-2027**

**Leanaí agus daoine óga nach gcloistear uathu go minic** (leanaí agus daoine óga nach dtugtar an oiread céanna deiseanna dóibh agus a mbíonn níos mó constaicí ina saol). Ina measc seo d'fhéadfadh go mbeadh leanaí/daoine óga :

*Atá faoi chúram;*
*Atá sa chóras ceartais i leith an aosa óig/ atá sa phriosún nó ina n-iarchiontóirí;*
*Atá ag fulaingt foréigean baile;*
*A thagann ó chúlra eitneach mionlaigh;*
*Atá gan dídean nó i mbaol a mbaile a chailleadh / atá ina gcónaí i gcóiríocht shealadach / ina gcónaí i gcóiríocht atá mí-oiriúnach;*
*San ospidéal (lena n-áirítear iad siúd a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu);*
*Ina leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach (LADT);*
*Atá ag maireachtáil i mbochtaineacht;*
*Atá ag maireachtáil in áit iargúlta faoin tuath;*
*Atá ag maireachtáil le fadhbanna meabhairshláinte;*
*Atá ag maireachtáil le tuismitheoir atá ina andúileach;*
*Atá ag maireachtáil i suíomh ina bhfuil teannas sa chaidreamh teaghlaigh;*
*Nach bhfuil ag freastal ar an scoil;*
*Atá ag maireachtáil le míchumais fhisiciúla agus intleachta;*
*A bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;*
*Atá ina ndídeanaithe nó ina n-iarrthóirí tearmainn;*
*Atá ina mbaill den Lucht Siúil nó de na Romaigh;*
*Atá dífhostaithe;*
*Atá ina gcúramóirí óga;*
*Atá i bhfeighil ar theaghlach* aontuismitheora*/ar theaghlach cúramóirí;*
*Atá ag iarrataidh cosaint idirnáisiúnta;*
*Atá Ina bhfostaithe ar phá íseal;*
*Atá dífhostaithe go fadtéarmach; agus*
*Atá i mbaol ón aonrú sóisialta.*

Aithnítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh am saor agus caitheamh aimsire a bheith aige, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí súgartha agus áineasa atá oiriúnach d'aois an linbh, chomh maith le páirt gan srian a ghlacadh i saol an chultúir agus sna healaíona. Mar sin féin, léirigh taighde in Éirinn go bhfuil bac ar leanaí agus ar dhaoine óga áirithe é seo a dhéanamh.

Rannpháirtíocht sna hEalaíona agus sa Chultúr i measc Leanaí agus Daoine Óga: Bhain *Insights from the Growing Up in Ireland* (Emer Smyth, 2016)[2] úsáid as sonraí ó *Growing Up in Ireland* chun measunú a dhéanamh go sonrach ar an rannpháirtíocht in imeachtaí ealaíon

[2] https://www.artscouncil.ie/Publications/All/Arts-and-cultural-participation-among-children-and-young-people-%E2%80%93-Insights-from-the-Growing-Up-in-Ireland-study/

agus cultúir i measc daoine óga 3, 5, 9 agus 13 bliana d'aois. Shainaithin sé roinnt tosca a raibh tionchar acu ar an rannpháirtíocht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Cúlra socheacnamaíoch: Is bac é ioncam an teaghlaigh ó thaobh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcultúr tar éis am scoile.
- Cúlraí imirceacha: bíonn an teanga mar bhac ar rannpháirtíocht sna healaíona.
- Míchumais: bíonn teaghlaigh ina bhfuil leanaí óga faoi mhíchumas an-gafa le gníomhaíochtaí cultúrtha. Mar sin féin, bíonn constaicí i gceist leis an rannpháirtíocht agus na leanaí in aois a 9 agus 13, agus ní bhíonn an oiread céanna de na leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí struchtúrtha cultúir.

Bíonn costas i gceist le formhór na n-imeachtaí struchtúrtha cultúir a nglacann leanaí páirt iontu taobh amuigh den scoil, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le fóirdheontais a chur ar fáil do theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste, ionas go mbeidh an rannpháirtíocht sna healaíona níos cuimsithí.

Choimisiúnaigh Clár Éire Ildánach taighde dar teideal *Inclusion and engagement of Children of Muslim background in creative activities in Ireland* (Farahani, Hennessy and Mbeve, 2022)[3]ina ndearnadh iniúchadh ar na cúinsí a d'fhéadfadh leanaí ó chúlra Moslamach a stopadh ó bheith páirteach in imeachtaí cruthaitheacha. I measc na moltaí a rinne sé bhí go ndéanfaí teagmháil le grúpaí inimirceacha chun eolas a fháil faoi na gníomhaíochtaí cruthaitheacha a theastaíonn ó leanaí agus ó thuismitheoirí sna pobail seo.

In 2021, fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais amach go ndéantar leanaí faoi mhíchumas a fhágáil ar lár uaireanta as imeachtaí lasmuigh nó as gníomhaíochtaí sa phobal mar gheall ar roinnt tosca, ina measc nach bhfuil sé éasca teacht orthu nó nach bhfuil dóthain foirne ar fáil don mhaoirseacht aonair.[4]

Tá deis ann úsáid a bhaint as an gcomhoibriú, as rannpháirtíocht na hóige agus as smaointeoireacht chruthaitheach chun na dúshláin seo a fhiosrú.

[3] https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2022/10/Inclusion-and-engagement-of-Children-of-Muslim-background-in-creative-activities-in-Ireland.pdf
[4] https://nda.ie/publications/nda-advice-paper-on-school-aged-childcare-for-children-with-disabilities